SAINCHUNTAS POIST

Teideal an Phoist: Riarthóir Oifige

Freagrach do: Bainisteoir Riaracháin

Scála Tuarastail (cineál agus grád) & Pinsean:
Scála stáitseirbhíse an Oifigigh Chléireachais.

Tuarastal: €20,859 – €33,607 (i gcomhréir le cáilíochtaí agus taithí)

Tréimhse an Chonartha: Dhá Bhliain

Uaireanta Oibre:
Is idir 9.30r.n. agus 5.30i.n. go laethúil, Luan go hAoine na gnáthuaireanta oibre. Am lóin ó 1.00i.n. – 2.00 i.n. D'fhéadfadh go mbeadh uaireanta oibre lasmuigh de na hamanna seo i gceist ó am go ham.

Saoire:
Saoire bhliantúil le pá de 20 lá atá i gceist agus aon saoire phoiblí a cheadófar go náisiúnta.

Cáilíochtaí & Scileanna:

- Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta;
- Taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine ag gach leibhéal;
- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhairt agus scríobh;
- Scileanna ríomhaireachta;
- Ardscileanna eagrúcháin agus riaracháin;
- Taithí agus tuiscint ar obair airgeadais [TAS/SAGE];
- Taithí agus tuiscint ar an gcóras oideachais agus ar obair óige.

Príomhdhualgais an Phoist:

Beidh an Riarthóir Oifige freagrach, mar chuid d'fhoireann trasfheidhmiúil, as:

- seirbhís fáilteora a sholáthar do Chumann na bhFiann;
- postas na hoifige a chomhordú;
- taifead ar chaiteachais agus ioncaim;
- eolas a chur ar fáil don phobal faoi obair na heagraíochta;
- ábhar bolscaireachta faoi obair na heagraíochta a ullmhú agus a scaipeadh.
- córais comhaid éifeachtach a choinneáil don eagraíocht, idir crua agus leictreonach;
- bunachar sonraí na heagraíochta a choinneáil suas chun dáta;
- tacaíocht leanúnach a chur ar fáil d'fhoireann na hoifige chun an oifig a riar;
- eagrú ócáidí/seimineáir eolais;
- aon obair eile a shocraíonn an bhainistíocht.

Áit lonnaithe:

Beidh an post seo lonnaithe i gceanncheathrú na heagraíochta, i nDroim Rí, Co. na Mí

Conas iarratas a dhéanamh:

Seol do CV agus litir iarratais chuig michelle@cnb.ie roimh 5pm ar 09 Eanáir 2015.